Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh

# Eolas d'Iarratasóirí

## Nollaig, 2025

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu fá choinne post mar Bhainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh (ar aon dul le grád Innealtóir Feidhmiúcháin chun críocha pá).

Tá sé i gceist ag an Chomhairle painéal d'iarrthóirí cáilithe a chruthú óna líonfaidh sé folúntais buan agus shealadach de réir mar a thiocfaidh na folúntais sin chun cinn le linn shaolré an phainéil.

Beidh an Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh freagrach go díreach don Chomhordaitheoir Gníomhaithe Aeráide Sinsearach, nó do dhuine ar bith eile a cheapfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall ó am chéile.

Is ceist mhór é Gníomhú ar son na hAeráide i ngach beartas agus gníomh Údarás Áitiúil, agus tá ról ríthábhachtach á thabhairt dóibh de réir a chéile le Gníomhú ar son na hAeráide a leabú agus a éascú ar fud an réimse leathan dá bhfeidhmeanna agus dá gcuid gníomhaíochtaí.

Tugann an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015 agus an leasú ina dhiaidh sin an comhthéacs ina bhfuil ceanglas ar Údaráis Áitiúla Pleananna Gníomhaíochta Aeráide a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Seoladh Plean Gníomhaíochta Aeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024–2029 i mí an Mhárta 2024.

Is príomhghné de na Pleananna Gníomhaíochta Aeráide seo spriocanna reachtúla na nÚdarás Áitiúil astaíochtaí carbóin a laghdú faoi 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi 50% faoin bhliain 2030 ar a mhoille, chomh maith le neodracht charbóin a bhaint amach faoi 2050. Tá ceangal de réir dlí ag baint leis na spriocanna seo agus tá siad uaillmhianach, agus éilíonn siad straitéis láidir bainistithe fuinnimh agus beart tionscadal don chéad chúig bliana eile agus ina dhiaidh sin.

Tá ról ceannasach suntasach á ghlacadh ag Comhairle Contae Dhún na nGall sa réimse seo trínár nAonad Gníomhaíochta Aeráide, a bunaíodh in 2023 chun cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Aeráide a threorú agus a chomhordú taobh istigh den Chomhairle seo, agus chun páirt a ghlacadh i líonra náisiúnta níos leithne de chleachtóirí gníomhaíochta aeráide agus bainistíochta fuinnimh trí na hOifigigh Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Tá Córas Bainistíochta Fuinnimh bunaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall, a bhfuil creidiúnú ISO 50001 aige. Tá gá le Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh le tacú leis an Fhoireann Fuinnimh maidir le caighdeán an chórais a chothabháil agus le baint amach an Chláir Deiseanna a bharrfheabhsú do gach Úsáideoir Fuinnimh Suntasach i gComhairle Contae Dhún na nGall.

Is post dúshlánach agus spreagúil é an post Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh  agus éilíonn sé eolas teicniúil ar bhainistíocht fuinnimh, maolú ar athrú aeráide, na rioscaí agus na straitéisí maolaithe féideartha, chomh maith le scileanna maithe eagrúcháin, líonraithe agus cumarsáide.

Beidh eolas maith de dhíth ar an té a cheapfar ar oibriú na n-údarás áitiúil agus ar a ról agus a n-idirghníomhaíochtaí le Ranna Rialtais maidir le rialachas, airgeadas agus struchtúir tuairiscithe. Ina theannta sin, beidh eolas maith de dhíth ar an té a cheapfar ar gach riachtanas reachtaíochta ábhartha a leagtar ar Údaráis Áitiúla maidir le Bainistíocht Fuinnimh/Astaíochtaí, lena n-áirítear Treoracha nua de chuid an AE agus a gcur chun dlí in Éirinn, amhail an Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus an Treoir maidir le Feidhmíocht Fhuinnimh i bhFoirgnimh. Is féidir maoiniú um Bainistíocht Fuinnimh a chur ar fáil trí réimse sruthanna maoinithe Eorpacha agus náisiúnta, agus beidh eolas ar na sruthanna maoinithe sin, mar aon leis na próisis a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar a leithéid de mhaoiniú, tábhachtach freisin.

## 2. Róil, Dualgais & Freagrachtaí

Is é ról an Bhainisteora Feidhmiúcháin Fuinnimh oibriú mar chuid d'Aonad um Ghníomhú Aeráide agus tacú leis an Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh taobh isitgh den fhoireann bainistíochta sinsearaí le creidiúnú ISO 50001 a chomhordú agus a bhainistiú, bearnaí i leith Spriocanna Astaíochtaí Carbóin agus Éifeachtúlachta Fuinnimh a shainaithint, agus na riachtanais chomhlíonta reachtaíochta uile a bhaineann le fuinneamh—reatha agus sa todhchaí—a chomhlíonadh i gComhairle Contae Dhún na nGall.

Is é cuspóir an róil seo éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, ídiú fuinnimh a laghdú agus an méid Gáis Cheaptha Teasa a chruthaionn Comhairle Contae Dhún na nGall a laghdú, agus obair ar siúl chun Spriocanna Náisiúnta a sholáthar mar a leagtar amach san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, sna Pleananna Náisiúnta Gníomhaíochta Aeráide agus i bPlean Gníomhaíochta Aeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall. Áireofar sa ról seo cur leis na gealltanais fuinnimh i gCairt Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil, agus comhaontú ábhartha ar bith eile a bhféadfadh Comhairle Contae Dhún na nGall glacadh leo.

Beidh an Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh freagrach as réimse tionscadal agus tionscnamh le cuspóirí na Comhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú astaíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear comhordú leis an Oifig Fuinnimh Réigiúnach tríd an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú hAeráide, Cósta an Atlantaigh Thuaidh, agus an Chomhpháirtíocht Maoinithe SEAI.

Ina theannta sin, beidh an té a cheapfar freagrach as na dualgais shonracha seo a leanas:

- Bheith ina c(h)eannaire taobh isitgh den údarás áitiúil le cuidiú ó Oifig Fuinnimh Réigiúnach CARO Chósta an Atlantaigh Thiar Thuaidh, le spriocanna agus cuspóirí fuinnimh/astaíochtaí a sholáthar.
- Cur i bhfeidhm an Chórais Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 a threorú, lena n-áirítear iniúchadh ar mhodhanna cliste méadraithe le héifeachtúlacht an chur i bhfeidhm a fheabhsú.
- Cuidiú le Tionscadail Pathfinder, lena n-áirítear comhlíonadh an Chóid Chaiteachais Phoiblí, na Treoirlínte Bonneagair, téarmaí agus choinníollacha an SEAI, bainistíocht airgeadais, agus monatóireacht agus dearbhú na coigilte fuinnimh agus carbóin i ndiaidh chur i bhfeidhm an Tionscadail.
- Monatóireacht agus Tuairisciú a dhéanamh ar na riachtanais don údarás áitiúil, lena n-áirítear cothabháil an bhunachair shonraí M&R do SEAI agus dul i gcomhairle le Bainisteoir Flít agus Bainisteoir Saoráidí Chomhairle Contae Dhún na nGall i dtaca leis seo.
- Meantóireacht a dhéanamh ar rannóga an údaráis áitiúil lena chinntiú go gcomhlíontar gach dualgas reachtúil fuinnimh/astaíochtaí atá ar an údarás áitiúil, amhail bearnaí i gcomhlíonadh oibleagáidí reachtúla fuinnimh/astaíochtaí Chomhairle Contae Dhún na nGall a shainaithint agus a réiteach, agus cuidiú le hiarratais mhaoinithe ag leibhéal an AE agus ag leibhéal náisiúnta a aithint agus a fhorbairt le haghaidh taighde agus tionscadail phleanála fuinnimh/astaíochtaí.
- Soláthar, bainistiú agus deimhniú cuntais fuinnimh uile Chomhairle Contae Dhún na nGall agus na dtionscadal a bhaineann le fuinneamh.
- Oibriú mar phríomhbhall d'Aonad Gníomhaíochta Aeráide an údaráis áitiúil le gealltanais maidir le cur i bhfeidhm agus tuairisciú a chomhlíonadh agus le cur le gealltanais fuinnimh, laghduithe astaíochtaí agus gníomhartha aeráide de Phlean Gníomhaíochta Aeráide an Údaráis Áitiúil.
- Cuidiú le forbairt agus cur i bhfeidhm na gCriosanna Dícharbónaithe taobh istigh de Phlean Gníomhaíochta Aeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall.
- Cuidiú leis an Oifigeach Gníomhaíochta Aeráide Pobail ar thionscadail a bhaineann le fuinneamh sa phobal.
- Tabhairt faoi dhualgais eile de réir mar is gá le tacú le cur i bhfeidhm chlár oibre an údaráis áitiúil maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú astaíochtaí, chomh maith le dualgas ar bith eile a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile.

## 3. Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021

Ionas go mbeidh an tÚdarás Áitiúil in ann a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, meastar gur riachtanas riachtanach í inniúlacht shásúil sa Ghaeilge le haghaidh ceapacháin/lonnúcháin/athlonnúcháin chuig oifigí atá bunaithe sa Ghaeltacht agus chuig oifigí a fhreastalaíonn ar cheantair Gaeltachta. Caithfidh an inniúlacht a bheith ar leibhéal a chuireann an duine ar a chumas oibriú trí mheán na Gaeilge agus seirbhísí a chur ar fáil don phobal sa Ghaeilge, de réir fhorálacha na nAchtanna Teangacha Oifigiúla, (Leasú) 2021. Féadfaidh measúnú ar an inniúlacht seo a bheith mar chuid lárnach den phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin.

## 4. Cáilíochtaí & Riachtanais an Phoist

Tá sé dearbhaithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go mbeidh na cáilíochtaí don phost Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh mar atá leagtha amach thíos:

### (a) Carachtar

Beidh dea-cháil ar na hIarratasóirí.

### (b) Sláinte

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

Beidh ar iarratasóirí ar éirigh leo sa phróiseas earcaíochta dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh Comhairleoir Sláinte Ceirde na Comhairle roimh cheapachán.

### (c) Oideachas, Oilúnt, Taithí, Etc.

Ní mór d'iarrthóirí amhail an dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais chomhlánaithe:

i. Gnáthchéim bhaitsiléara (leibhéal 7 nó níos airde ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)) a bheith acu san innealtóireacht córas fuinnimh, bainistíocht fuinnimh, innealtóireacht fuinnimh inbhuanaithe, innealtóireacht seirbhísí foirgníochta nó disciplín gaolmhar atá ábhartha don phost

**NÓ**

ii. Gnáthchéim bhaitsiléara (leibhéal 7 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)) AGUS céim mháistreachta iarchéime (leibhéal 9 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)) sann innealtóireacht chórais fuinnimh, bainistíocht fuinnimh, innealtóireacht fuinnimh inbhuanaithe, innealtóireacht seirbhísí foirgníochta, nó disciplín gaolmhar eile atá ábhartha don phost

**AGUS**

iii. Cúig bhliain de thaithí shásúil ar a laghad a bheith acu atá ábhartha donról, i ndiaidh dóibh an cháilíocht thuasluaite faoi (c) i nó ii a bhaint amach;

iv. Ardchaighdeán oiliúna teicniúla agus taithí a bheith acu atá oiriúnach do nádúr an róil, lena n-áirítear taithí riaracháin

v. Eolas sásúil a bheith acu ar eagrú na seirbhíse poiblí, nó an cumas acu a leithéid d’eolas a fháil

### (d) Scileanna Inmhianaithe

Chomh maith le riachtanais chuid (c), is iad seo na scileanna inmhianaithe don phost:

**<u>Bainistíocht Fuinnimh</u>**

- Taithí ar bhainistíocht sonraí fuinnimh, Monatóireacht agus Tuairisciú (M&T) ar ídiú fuinnimh agus modhanna tuairiscithe eile chuig an SEAI.
- Léiriú eolais agus taithí maidir le cur i bhfeidhm agus cothabháil an chórais bainistíochta fuinnimh ISO 50001 agus freagracht as spriocanna gníomhaíochta aeráide a bhaint amach.

- Deimhniú mar bhainisteoir fuinnimh – creidiúnú Bainisteoir Fuinnimh Deimhnithe (CEM).
- Deimhniú mar ghairmí tomhais agus fíoraithe agus IPMVP á chur i bhfeidhm – creidiúnú CMVP.
- Taithí ar dhearadh, ar bhainistíocht tionscadail agus ar thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh.
- Eolas nó taithí ar Chonraitheoireacht um Fheidhmíocht fuinnimh (EPC).
- Eolas nó taithí ar Chomhlachtaí Seirbhísí Fuinnimh (ESConna).
- Iniúchóireacht Fuinnimh.
- Eolas agus taithí ar chleachtais iniúchóireachta fuinnimh agus ar thuairisciú.
- Eolas ar mheasúnú agus samhaltú Rátála Fuinnimh Foirgnimh neamh-thí(RFF).
- Deimhnithe Taispeána Fuinnimh (DECanna) agus NFFanna do fhoirgnimh phoiblí.

**<u>Fuinneamh In-athnuaite</u>**

- Taithí ar dhearadh, maoiniú agus bainistíocht tionscadal i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite, leictreach nó teirmeach (<=3 MW).
- Taithí ar dhearadh, maoiniú agus bainistíocht tionscadal i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh.
- Taithí ar dhearadh, maoiniú agus bainistíocht tionscadal i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite sa réimse iompair.

**<u>Rialtas Áitiúil – Gníomhú Aeráide</u>**

- Tuiscint ar na hoibleagáidí sa tseirbhís phoiblí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus spriocanna laghdaithe carbóin, athrú aeráide agus an tionchar a bhíonn ag úsáid fuinnimh uirthi.
- Cumas teicniúil agus taithí ar ardchaighdeán maidir le straitéisí, pleananna, tionscadail, staidéir nó próisis a cheapadh, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú, lena n-áirítear rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara.
- Tuiscint ar aidhmeanna agus cuspóirí an Phlean Gníomhaithe um Athrú Aeráide agus ar Threochlár Gníomhaithe Aeráide 2025 an EPA, mar aon le heolas agus tuiscint ar chaidrimh oibre thorthúla a chothú agus a chothabháil le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí an AE, agus tuiscint ar bheartais agus reachtaíocht athraithe aeráide.
- Cumas agus tuiscint a léiriú maidir le tionscadail mhaolaithe gníomhaíochta aeráide sa tseirbhís phoiblí agus ar na ceanglais faoin Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) agus faoi Chúnant Méaraí an AE.
- Dea-chuntas a léiriú maidir le scileanna bainistíochta tionscadail den scoth a bhain torthaí rathúla amach, lena n-áirítear comhoibriú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- Cumas oibriú ar iliomad tionscadal de mhéideanna, nádúr agus castachtaí éagsúla.
- Taifead de sárscileanna cumarsáide, lena n-áirítear caidrimh a fhorbairt le gníomhaireachtaí eile agus rannpháirtíocht le heagraíochtaí pobal-bhunaithe.
- Ardleibhéal inniúlachta TF a léiriú, lena n-áirítear bunachar sonraí a thiomsú, a chothabháil agus a anailísiú, agus inniúlacht chruthaithe i

modhanna staidrimh agus anailís sonraí, mar aon le taithí ar bhogearraí anailíse sonraí.
- Taithí maidir le rannpháirtíocht i dtionscadail AE, lena n-áirítear maoiniú a lorg, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a fhorbairt, iarratais tionscadail agus bainistíocht tionscadail.
- Cumas agus taithí maidir le bainistíocht airgeadais agus buiséid, agus scileanna tuairiscithe teicniúla.
- Eolas ar reachtaíocht agus rialacháin sláinte agus sábháilteachta agus ar a gcur i bhfeidhm san ionad oibre.

## 5. Mionsonraí and Phoist

### (a) Ginearálta

Tá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarrasóirí cáilithe a chruthú faoi choinne post mar Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh as a líonfaidh sé aon fholúntais a thiocfadh chun cinn.

### (b) Promhadh

Beidh na hiarratasóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse ama, a shocróidh an Chomhairle. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse seo a shíneadh, cinneadh a bheas faoi rogha na Comhairle.

### (c) Luach Saothair

Tá and Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh ar aon dul le grád Innealtóir Feidhmiúcháin chun críocha pá. Is é seo an páscála náisiúnta bliantúil reatha: íosmhéid de €59,658 (pointe 1) go dtí uasmhéid de €82,929. (LSI 2) (de réir chiorclán EL 07/2025).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail atá ag teacht le Ciorclán na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

### (d) Bunáit

Socróidh an Chomhairle ar an áit a lonnófar post an Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh agus beidh sé seo ag brath ar an réimse áirithe agus an tseirbhís chuig a sannfar an sealbhóir poist.

D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh, agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

### (e) Cónaí

Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

### (f) Uaireanta Oibre / Saoire Bhliantúil

35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Beidh sé de cheart ag an Chomhairle na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

Beidh liúntas saoire bhliantúla uasmhéid 30 lá do gach iarrthóir.

**(g) Riachtanas Tiomána**

Beidh ar Iarratasóirí:

(a) Ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.

(b) A bhfeithicil féin a bheith acu lena úsáid le linn a gcuid dualgas agus is le liúntais chuí a chlúdófar na costais bhainteacha.

**(h) Riachtanais Saoránachta**

Ní mór d'iarratasóirí incháilithe a bheith, ar an dáta is déanaí lena nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe;(a) Ina S(h)aoránach de chuid Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (EEA). Cuimsíonn an EEA na Ballstáit den Aontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó(b) Ina S(h)aoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó(c) Ina S(h)aoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó(d) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar céile nó leanbh de shaoránach EEA, RA nó Eilvéiseach é/í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó(e) Ina d(h)uine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht Cosanta Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó(f) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar tuismitheoir leanaí cleithiúnaí é/í atá ina s(h)aoránach de chuid, agus ina c(h)ónaí i mBallstát de chuid an EEA nó san RA nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

**(i) Coinbhleachtaí Leasa**

Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

**(j) Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**

Tá iarratasóirí don phost mar Bainisteoir Feidhmiúcháin Fuinnimh faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabhair faoi deara go gcaithfidh gach iarratasóir Nochtadh Grinnfhiosrúcháin sásúil ón Gharda Síochána a fháil roimh cheapachán, seachas sin, tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta.

Sa chás go léiríonn Nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána go bhfuil cás ar feitheamh, ní fhéadfar leanúint ar aghaidh leis an cheapachán ag an am sin agus tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta. Coinneofar an t-iarratasóir, ar an phainéal, áfach, agus beidh sé á mheas don chéad fholúntas eile, má thagann a leithéid chun cinn le linn saolré an phainéil.

## 6. Próiseas Earaíochta

### A. Foirm Iarratais / Application Form

- Ní mór iarratais a dhéanamh ar **an fhoirm iarratais oifigiúil ar líne** agus ní mór gach cuid den fhoirm a bheith líonta go hiomlán.

- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní dhéanfar ach an t-eolas atá san **fhoirm iarratais ar líne** a chur san áireamh agus an oiriúnacht an iarrthóra don phost á meas.
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta mar atá luaite ar an gcóras.

**B. Gearrliostú**
Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

Ná glactar leis gurb ionann duine a iontráil i gcomórtas nó cuireadh chun agallaimh a chur ar an duine sin agus a thabhairt le tuiscint go mbeadh Comhairle Contae Dhún na nGall sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an phoist.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú - #EEM 001**
Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Mas mian le hiarratasóir ar bith é, is feidir leo iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar aon chinneadh nó at an phróiseas féin.

Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag lua an uimhir thagartha thuas, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall laistigh de chúig lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoi chinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**
Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**E. Eile**
Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is cuí.

**F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil**
Dícháileofar iarratasóir ar an toirt ón phróiseás earcaíochta a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid

scríofa nó eile.

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**
Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d'fhonn d'iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn cuid mhaith de na sonraí pearsanta mar atá luaite agat i d'fhoirm iarratais.

Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.

Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

Sa bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie